Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2022

## Aistriúchán
## Ar Scéim Mharcála

## Teicneolaíocht

## Gnáthleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

Tá eolas sa tábla thíos maidir leis na nótaí mínithe a úsáidtear don mharcáil sa scéim mharcála.

| **Nóta mínithe** | **Úsáid** | **Marcanna (más iomchuí)** |
|---|---|---|
| ✓$_1$ | Faisnéis bhailí | 1 |
| ✓$_2$ | Faisnéis bhailí | 2 |
| ✓$_3$ | Faisnéis bhailí | 3 |
| ✓$_4$ | Faisnéis bhailí | 4 |
| ✓$_5$ | Faisnéis bhailí | 5 |
| ✓$_6$ | Faisnéis bhailí | 6 |
| ✓$_8$ | Faisnéis bhailí | 8 |
| ✓ | Faisnéis ábhartha | N/B |
| [0] | Freagra mícheart | 0 |
| ⌇ | Leathanach feicthe ag an scrúdaitheoir / faisnéis neamhbhailí | N/B |

## Roinn A - Croíchúrsa　　Scríobh do fhreagraí sna spásanna atá ann dóibh

**1.** Taispeántar sa ghrafaic thall comhartha sábháilteachta a bhíonn le feiceáil go coitianta ar láithreacha oibre.



**(i)** Luaigh brí an chomhartha sábháilteachta sin.

**Caithfear forbhróga a chaitheamh taobh thall den phointe seo.**

**(ii)** Luaigh **dhá** shampla d'áiteanna ina n-úsáidtear an comhartha sábháilteachta seo sa ghnáthshaol laethúil.

**Dhá shampla ar bith, linn snámha, saotharlann, ospidéal, agus araile.**

(4+4 mharc)

**2.** Cuireadh an Scéim Tacaíochta Micrighiniúna ar bun le cur ar chumas daoine freastal ar a gcuid riachtanas leictreachais féin. Faoin scéim atá beartaithe, beidh daoine in ann an leictreachas breise a bheidh acu a dhíol chun a gcuid billí fuinnimh a fhritháireamh.

**(i)** Mol dhá chóras micrighiniúna a d'fhéadfaí a shuiteáil in áiteanna cónaithe in Éirinn chun freastal ar riachtanais leictreachais an tí féin.



**Dhá cheann ar bith, cumhacht na gréine, na gaoithe srl.**

**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar bhealach **amháin** a bhféadfadh teaghlaigh a gcostas fuinnimh a laghdú.

**Insliú níos fearr, fuinneoga a uasghrádú, gléasanna atá níos tíosaí ar fhuinneamh, srl.**

(4+4 mharc)

**3.** Chun dul i ngleic le fadhb an truaillithe ó phlaisteach ar fud an domhain, d'fhorbair taighdeoirí plaisteach in-díghrádaithe a bhriseann síos tar éis dó a bheith faoi sholas na gréine agus faoin aer ar feadh seachtain amháin.

**(i)** Luaigh buntáiste **amháin** don timpeallacht a bhaineann leis an gcineál sin plaistigh a úsáid.



**Laghdú ar an méadú de réir a chéile de phlaisteach sa líonadh talún, níos lú dochair a dhéanamh d'ainmhithe, srl.**

**(ii)** Luaigh **dhá** fheidhm atá ag plaisteach in-díghrádaithe.

**Dhá cheann ar bith, pacáistiú, sceanra , coiméadáin bhia, srl.** (4+4 mharc)

4 Is ábhar í neoipréin a úsáidtear i gcultacha fliucha a chaitheann surfálaithe agus tumairí go coitianta.



**(i)** Luaigh **dhá** airí thábhachtacha atá ag bunábhar ar bith a bheadh le húsáid i gcultacha fliucha.

**Dhá airí ar bith, uiscedhíonach, éadrom, solúbtha, srl.**

**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar an difríocht idir fabraic nádúrtha agus fabraic shintéiseach.

**Díorthaítear fabraic nádúrtha ó phlanda nó ó ainmhí. Déantar fabraic shintéiseach as comhdhúile ceimiceacha.**

(4+4 mharc)

**5.** Tá fréamhshamhail de thiontaire fhuinneamh na dtonnta deartha ag taighdeoirí in RMIT san Astráil agus tá sé in ann an chumhacht a bhaintear as tonnta mara a dhúbailt.

**(i)** Mínigh cad is brí leis an téarma fréamhshamhail.

**Samhail bhunaidh de réad a úsáidtear chun léargas fiúntach a sholáthar ar an gcaoi a mbreathnaíonn nó a n-oibríonn rud éigin.**



**(ii)** Luaigh tiontú fuinnimh **amháin** a tharlaíonn i dtiontaire fhuinneamh na dtonnta.

**Cinéiteach go leictreach, meicniúil go leictreach, srl.**

(4+4 mharc)

**6.** Taispeántar san íomhá meicníocht a úsáidtear go coitianta sa Teicneolaíocht.



**(i)** Ainmnigh an mheicníocht a thaispeántar.

**Beibhealghiaranna.**

**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar fheidhm **amháin** atá ag an meicníocht sin sa ghnáthshaol.


**Druilirí láimhe, difreálach na feithicle, doirse garáiste, srl.**

(4+4 mharc)

**7.** Taispeántar san íomhá *cathaoir naíonáin Stockholm*. Is féidir í a úsáid ag dhá airde dhifriúla ach í a iompú bunoscionn.

Sa bhosca atá curtha ar fáil, déan sceitse 2T dea-chomhréireach den chathaoir ag féachaint sa treo ina bhfuil saighead **A**.




(Sceitse an-mhaith- 8 marc,
Sceitse mheasartha 4 mharc)

**8.** Is uirlis bhainistíochta tionscadail é *Struchtúr Miondealaithe na hOibre* (WBS) a úsáideann mic léinn agus daoine gairmiúla.

Anseo thíos taispeántar WBS neamhchríochnaithe den choinneálaí rolla leithris.



Agus do chuid ceannteideal féin á n-úsáid agat, críochnaigh an WBS samplach.




(8 marc)

**9.** Taispeántar san íomhá araid phlaisteach a úsáidtear in an-chuid ionad oibre.



**(i)** Luaigh brí na siombaile ar thosach na haraide.

**In-athchúrsáilte.**

**(ii)** Mar aon le sampla **amháin**, mínigh cad is brí le hábhar teirmeaplaisteach.

**Plaisteach gur féidir é a aththéamh agus a athmhúnlú- aicrileach, níolón, polaistiréin, srl.** (4+4 mharc)

**10.** Tá sé ríthábhachtach go ndéanfaí comhaid a bhainistiú go maith nuair a bhíonn comhaid á sábháil ar ríomhaire.

**(i)** Luaigh **dhá** chúis a bhfuil sé tábhachtach córas maith bainistithe comhad a fheidhmiú.




**Dhá chúis ar bith, tá sé so-aimsithe mar ábhar, níos lú seans ann go gcaillfí ábhar, rochtain níos tapúla, cleachtas níos fearr, srl.**

**(ii)** Déan cur síos ar an difríocht idir fréamhfhillteán agus fofhillteán.

**Is comhad é an fofhillteán laistigh den fhréamhfhillteán, srl.**

(4+4 mharc)

**11.** Tá soláthar cumhachta, lasc, friotóir agus LED sa léaráid chiorcaid a thaispeántar.




**(i)** Luaigh feidhm fhriotóir **R** sa chiorcad.

**Chun LED a chosaint tríd an sreabhadh srutha a laghdú,**

**(ii)** Gluaiseann sruth 0.013 A trí fhriotóir 300 Ω.


Ríomh an titim sa voltas trasna an fhriotóra.

**Nóta:** *V = Sruth × Friotaíocht*

**V = 0.013 × 300 = 3.9V**

(4+4 mharc)

**12.** Úsáid **dhá** theicníc ghrafacha chun feabhas a chur ar an léiriú de mhéaróg chuimhne a thaispeántar.



**Léiriú, dath,**
**Scáth, cros-haitseáil, srl.**

(4+4 mharc)

## Roinn B - Croíchúrsa - *Freagair Ceist 2* ***NÓ*** *Ceist 3*

**Ceist 2** *(a) - 10 marc, (b) - 8 marc, (c) NÓ (d) - 6 mharc*

*Freagair 2(a)* ***agus*** *2(b)*

**2(a) (i)** Mínigh cad is brí leis an téarma *uaschúrsáil*.

**An próiseas chun dramhaíl/táirgí gan iarraidh a thiontú ina dtáirgí a mheastar a bheith ar chaighdeán/luach níos fearr.**




**(ii)** Mol **dhá** bhealach ina bhféadfadh na déantúsóirí a chinntiú go bhfuil gach Modpool a dhéantar ar ardcháilíocht.

**Trí úsáid a bhaint as ábhair ardchaighdeáin, leictreonaic ar ardchaighdeán, tástáil a dhéanamh i gceart, bailchríoch den scoth a chur air, srl.**

*(10 Marc, 4+6)*

**2(b)** **(i)** Luaigh **dhá** chúis gur ábhar oiriúnach í *cruach* le coimeádáin loingseoireachta a mhonarú.

**Láidir, neamhchostasach, éasca oibriú leis, cuma dheas air, srl.**



**(ii)** Mol **dhá** shlí a bhféadfaí sábháilteacht an Modpool seo a fheabhsú ar son daoine eile.

**Céimeanna chun dul isteach / amach, ráillí timpeall na taobhanna, soilse, srl.**

**(iii)** Tarraing léaráid lipéadaithe de chiorcad oiriúnach chun an bonnán a chur ar siúl.

**Ciorcad oiriúnach.** *(8 Marc, 2+4+2)*

*Freagair 2(c)* ***nó*** *2(d)*

**2(c) (i)** Tabhair breac-chuntas achomair ar **dhá** shrian nuair a bhíonn Modpool oiriúnach á dhearadh do theach cónaithe.

**Méid an ghairdín, doimhneacht na linne, cineál talaimh, srl.**

**(ii)** Luaigh **dhá** bhuntáiste a bhaineann le CAD a úsáid chun táirgí a dhearadh.

**Níos éasca é a shamhlú, is féidir athruithe a dhéanamh air, cruinneas, srl.**

*(6 Mharc, 4+2)*

**NÓ**

**2(d)** **(i)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhuntáiste a bhaineann le bheith in ann fón a úsáid chun na gnéithe sin a rialú.

**Éasca le húsáid, is féidir rochtain a fháil ó áit ar bith, teicneolaíocht níos nua-aimseartha, srl.**

**(ii)** Mol gné bhreise **amháin**, seachas iad siúd atá liostaithe thuas, a d'fhéadfaí a rialú le haip.

**Clúdach, scagaire, callairí, srl.** *(6 Mharc, 4+2)*

**Ceist 3** *(a) - 10 marc, (b) - 8 marc, (c) NÓ (d) - 6 mharc*

*Freagair 3(a) agus 3(b)*

**3(a)** **(i)** Luaigh **dhá** bhuntáiste a bhaineann le rothar caighdeánach a thiontú ina rothar leictreach.



**Níos fearr don chomhshaol, úsáideann sé níos lú ábhar, rogha pearsanta, srl.**

**(ii)** Déan cur síos achomair ar cad is brí leis an téarma *torc* agus tú ag tagairt do mhótair.
**Fórsa a chuireann tús le fórsa rothlaithe/casaithe.**

*(10 Marks, 6+4)*

**3(b)** **(i)** Ainmnigh ábhar oiriúnach le haghaidh mhonarú choinneálaí an phaca batairí a thaispeántar.
**Leathair, neoipréin, níolón, poileistear, srl.**

**(ii)** Mol **dhá** chúis a bhfuil an t-ábhar atá roghnaithe agat oiriúnach le haghaidh mhonarú choinneálaí an phaca batairí.



Coinneálaí do phaca

**Uiscedhíonach, láidir, marthanach, éadrom, srl.**

**(iii)** Agus nótaí agus sceitsí á n-úsáid agat, déan cur síos ar conas a d'fhéadfaí coinneálaí an phaca batairí a cheangal de thosach an rothair.
**D'fhéadfaí brac a úsáid chun coinneálaí an phaca cadhnra a cheangal den hanla.**

*(8 Marc, 2+2+4)*

*Freagair 3(c)* ***nó*** *3(d)*

**3(c)** **(i)** Mínigh cad is brí leis an ngiorrúchán *SD*.

**Sruth díreach.**

**(ii)** Má tá voltas oibriúcháin 240 V ag an rothar leictreach agus cumhacht aschuir 240 vata, ríomh an sruth a tharraingíonn an rothar leictreach.

**Nóta:** *Cumhacht = Voltas (V) x Sruth (I)*

**240 = 48 × Sruth**

**Sruth = 240/48 = 5 Amp**

*(6 Mharc, 2+4)*

**NÓ**

**3(d) (i)** Déan cur síos ar cad is brí leis an téarma *cóimhiotal* agus tagairt agat d'ábhair.

**Substaint mhiotalach atá déanta as dhá eilimint nó níos mó.**

**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar ghné struchtúrach **amháin** a neartaíonn fráma an rothair a thaispeántar.
**Triantánú, struchtúr feadánra den ábhar, srl.**



*(6 Mharc, 4+2)*

## Roinn C - Roghanna - *Freagair **ceann amháin ar bith** de na cúig cheist roghnacha.*

## *Rogha 1 – Córais Rialaithe Fheidhmeacha*

*(a) - 10 marc, (b) - 20 marc, (c) NÓ (d) - 10 mharc*

*Freagair 1(a) **agus** 1(b)*

**1(a) (i)** Luaigh **dhá** bhuntáiste a bhaineann le gléas uathoibrithe glanta deicre a úsáid.




**Éasca le húsáid, ní gá a oiread sin dua a chaitheamh leis, cinntíonn sé go bhfanann an deic i riocht maith, srl.**

**(ii)** Déan cur síos achomair ar ghléas tí eile a oibríonn ar nós an Robo-Deck.


**Folúsghlantóir, lomaire faiche, srl.** *(10 marc, 6+4)*

**1(b) (i)** Críochnaigh an tsreabhchairt chun Robo-Deck a oibriú sa seicheamh seo a leanas:

- Déantar an córas a chumhachtú
- Gníomhachtaíonn an mótar agus bogann sé Robo-Deck ar aghaidh ar feadh 15 shoicind
- Ag an am céanna, oibríonn an spraeire ruaime ar feadh 15 shoicind
- Stopann an mótar agus an spraeire.




**(ii)** Mol mionathrú ar an tsreabhchairt chun an t-úsáideoir a chur ar an eolas nuair a éiríonn an ruaim gann.




**(iii)** Ainmnigh braiteoir oiriúnach a d'fhéadfaí a úsáid chun rud a bheadh sa bhealach ar Robo-Deck a bhrath.

**Braiteoir gluaiseachta infridhearg, LDR, srl.**

*(20 Marc, 8+6+6)*

*Freagair 1(c) **nó** 1(d)*


**1(c)** **(i)** Luaigh buntáiste **amháin** agus míbhuntáiste **amháin** a bhaineann le spraeirí neomatacha péinte a úsáid.

**Buntáistí- Níos tapúla, bailchríoch mar an gcéanna, níos éasca é a leathadh go cothrom, srl.**

**Míbhuntáistí- Trealamh níos costasaí de dhíth, úsáideann sé níos mó péinte, srl.**

**(ii)** Tarraing an tsiombail neomatach do ghníomhróir aonghníomhach agus mínigh conas a oibríonn sé i gciorcad neomatach.


**Téann aer comhbhrúite isteach trí Phort A agus brúnn sé an loine amach. Nuair a stopann an t-aer, tugann an sprionga an loine ar ais go dtí a shuíomh bunaidh.**




*(10 Marc, 4+6)*

**NÓ**

**1(d)** Tá an-tóir ar róbait sa tionsclaíocht le blianta beaga. Beireann an ladhar mheicniúil a léirítear san íomhá thíos ar rudaí agus fórsa *comhbhrúiteach* á úsáid aige.




Meicniúil Ladhar

**(i)** Déan cur síos ar an rud is fórsa *comhbhrúiteach* ann.

**Nuair a bhrúnn fórsa isteach ar rud agus dlúthaítear é mar gheall air seo.**

**(ii)** Agus nótaí agus sceitsí anótáilte á n-úsáid agat, déan cur síos ar an rud is brí le 'céimeanna saoirse' i dtaca le gléasanna róbatacha de.

**Líon na n-aiseanna ar féidir le réad bogadh taobh leo nó timpeall orthu.**

*(10 Marc, 4+6)*

# *Rogha 2 - Leictreonaic agus Rialú*


*(a) - 10 marc, (b) - 20 marc, (c) NÓ (d) - 10 mharc*

*Freagair 2(a)* ***agus*** *2(b)*

**2(a) (i)** Is é an seicheamh de bhandaí ildaite ag **R** ná *donn, dubh, dearg,* agus *órga.*

Luaigh luach fhriotóir **R**.

**1000Ω**





**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar fheidhm na bhanda órga ar an bhfriotóir a thaispeántar.

**An banda lamháltais, tá lamháltas de +/- 5% curtha in iúl aige** *(10 Marc, 6 +4)*

**2(b) (i)** Agus úsáid á baint agat as an leabhrán *Foirmlí agus Táblaí*, nó ar bhealach eile, ainmnigh na comhpháirteanna **A** agus **B** sa chiorcad.

**A = Friotóir inathraithe, B = Teirmeastar**




**(ii)** Déan cur síos achomair ar oibríocht an chiorcaid.

**Nuair a bhíonn an teocht íseal, gníomhaíonn an trasraitheoir agus séidfidh an dordánaí.**

**(iii)** Atarraing an léaráid chiorcaid a thugtar lena thaispeái conas a d'fhéadfaí tóireadóirí ilmhéadair a cheangal chun titim an voltais trasna dhordánaí **C** a thomhas.

*(20 Marc, 8+6+6)*

*Freagair 2(c)* ***nó*** *2(d)*

**2(c) (i)** Luaigh aonad tomhais an toillis.

**An Farad (F)**

**(ii)** Is comhbhall *polaraithe* é toilleoir leictrealaíoch. Mínigh cad is brí leis an téarma *polaraithe* agus tagairt agat do chomhbhaill leictreonacha.

**Comhpháirt a bhfuil anóid/catóid, cos deimhneach/diúltach aige.**


*(10 Marc, 4+6)*

**NÓ**

**2(d)**

| A | B | C | É |
|---|---|---|---|
| 0 | 0 | 0 | 1 |
| 0 | 1 | 1 | 0 |
| 1 | 0 | 1 | 0 |
| 1 | 1 | 1 | 0 |

Tábla Fírinne




**(i)** Ainmnigh na geataí loighce **X** agus **Y**.

**X = geata OR, Y = geata NOT**

**(ii)** I do fhreagarleabhar, tarraing agus críochnaigh an tábla fírinne don teaglaim de gheataí loighce a thaispeántar.

*(10 Marc, 4+6)*

## *Rogha 3 - Teicneolaíocht Faisnéise agus Chumarsáide*

*(a) - 10 marc, (b) - 20 marc, (c) NÓ (d) - 10 mharc*

*Freagair 3(a)* ***agus*** *3(b)*

**3(a) (i)** Luaigh **dhá** bhuntáiste a bhaineann le scannáin agus seónna teilifíse a shruthú.

**Níos mó éagsúlachta, roghnaigh pé rud is maith leat, rochtain láithreach ar chláir, srl.**

**(ii)** Déan cur síos ar **dhá** réamhchúram ba chóir a dhéanamh agus seirbhísí sruthaithe á rochtain.

**Cinntigh go bhfuil sé ag teacht ó fhoinse iontaofa, frithvíreas ar ghléasanna, bí cúramach agus tú ag íoc as seirbhísí, srl.**

*(10 Marc, 4+6)*

**3(b) (i)** Luaigh **dhá** bhuntáiste a bhaineann le córas líonra ríomhairí a úsáid i suíomh scoile.

**Faigh rochtain ar fhaisnéis ó a lán gléasanna, faisnéis a chomhroinnt/a shábháil, srl.**

**(ii)** Ainmnigh **dhá** ghléas crua-earraí a d'fhéadfaí a cheangal gan sreang le líonra ríomhairí.

**Printéir, luchóg, méarchlár, srl.**

**(iii)** Déan cur síos ar **dhá** bheart a d'fhéadfadh gnó a chur i bhfeidhm chun a chinntiú go mbeidh nascacht gan sreang d'ardcháilíocht ina láthair oibre.

**Suíomh an ródaire, cuir aimplitheoir comhartha leis, déan an dochtearraí a nuashonrú, srl.**

*(20 Marc, 8+6+6)*

*Freagair 3(c)* ***nó*** *3(d)*

**3(c) (i)** Déan cur síos ar an rud is brí leis an téarma Foinse Oscailte agus tagairt agat do bhogearraí ríomhaireachta.

**Bogearraí a eisítear sa chás go dtugann an sealbhóir cóipchirt cead d'úsáideoirí na bogearraí a úsáid, a athrú agus a dháileadh lena cód foinseach.**

**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** mhír de shonraí pearsanta a d'fhéadfadh a bheith ort a chur isteach agus bogearraí á n-íoslódáil agat.

**Seoladh ríomhphoist, ainm, dáta breith, srl.**

*(10 Marc, 4+6)*

**NÓ**

**3(d) (i)** Tabhair breac-chuntas ar na príomhdhifríochtaí idir ríomhleabhar agus closleabhar.

**Déantar ríomhleabhar a íoslódáil chuig gléas agus a léamh mar is gnách; éisteann úsáideoir deiridh le Closleabhar.**

**(ii)** Ainmnigh iarmhír chomhadainm a úsáidtear go coitianta nuair a bhíonn closleabhair á gcruthú.

**MP3, AAX, M4A, etc.**

*(10 Marks, 6+4)*

## *Roinn 4 - Córais Déantúsaíochta*

*(a) - 10 marc, (b) - 20 marc, (c) NÓ (d) - 10 mharc*

*Freagair 4(a)* ***agus*** *4(b)*

**4(a) (i)** Rinneadh an pacáistiú a thaispeántar san íomhá a *olltáirgeadh*. Déan cur síos ar an rud is brí leis an téarma olltáirgeadh.



**Líon mór de tháirgí caighdeánaithe a mhonarú.**


**(ii)** Luaigh **dhá** bhealach a bhféadfadh cuideachta a bheith níos mothálaí i leith an chomhshaoil nuair a bhíonn siad ag smaoineamh ar phacáistiú a roghnú dá gcuid táirgí.

**Ag baint úsáide as níos lú plaisteach, ag baint úsáide as ábhair in-bhithdhíghrádaithe, pacáistiú a dhéanamh chomh beag agus is féidir, srl.**

*(10 Marc, 4+6)*

**4(b) (i)** Mínigh an téarma déantúsaíochta *Díreach-in-Am*.

**Déantar táirgí a mhonarú díreach sula mbeidh éileamh orthu ón margadh.**




**(ii)** Luaigh buntáiste **amháin** agus míbhuntáiste **amháin** a bhaineann leis an gcóras déantúsaíochta Díreach-in-Am.

**Buntáiste: Laghdaíonn sé stoc, níos lú stórála, níos lú dramhaíola, srl.**
**Míbhuntáiste: Gan aon táirgí sa bhreis chun freastal ar éileamh gan choinne, srl,**

**(iii)** Déan cur síos achomair ar **thrí** chostas gan choinne do dhéantúsóirí mar thoradh ar bhriseadh slabhra soláthair na dtáirgí in 2021.

**Ardú ar chostas na n-ábhar, am a chaitear ag teacht ar tháirgí, d'éirigh seachadadh níos costasaí, srl.**

*(20 Marc, 6+8+6)*

*Freagair 4(c)* ***nó*** *4(d)*

**4(c) (i)** Déan cur síos ar **dhá** ról thábhachtacha a bhíonn ag 'stiúrthóir bainistíochta' in eagraíocht.

**Gach gné den ghnó a thuiscint, treoir a sholáthar, cinntí tábhachtacha a dhéanamh, srl.**

**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhealach chun obair foirne mhaith a chur chun cinn in eagraíocht.
**Ról gach ball foirne a aithint, díriú ar láidreachtaí daoine faoi leith, spriocanna agus cuspóirí a leagan síos, srl.**

*(10 Marks, 6+4)*

**NÓ**

**4(d) (i)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhealach lena bhféadfadh cuideachta taighde margaidh a dhéanamh le haghaidh táirge nua.

**Suirbhéanna ar líne, agallaimh, tuairimí custaiméirí, srl.**

**(ii)** Luaigh **dhá** iarmhairt dhiúltacha fhéideartha do chuideachta nach ndéanann taighde éifeachtach margaidh.

**Níos lú díolacháin, níos lú brabúis, táirgí nach bhfuil chomh freagrúil do riachtanais na dtomhaltóirí, srl.**

*(10 Marks, 6+4)*

# *Rogha 5 – Teicneolaíocht Ábhar*

*(a) - 10 marc, (b) - 20 marc, (c) NÓ (d) - 10 mharc*

*Freagair 5(a)* ***agus*** *5(b)*

**5(a)** **(i)** Mínigh cad is brí leis an téarma *lannaithe* agus tagairt agat do tháirgí adhmaid.

**Tagraíonn lannaithe do phróiseas ina gcuirtear a lán sraitheanna d'adhmad tanaí le chéile le greamacháin. Tá roinnt buntáistí ag táirge lannaithe thar adhmad soladach. Is féidir é a úsáid chun baill mhóra nach féidir a dhéanamh as adhmad soladach a dhéanamh, srl.**

**(ii)** Luaigh buntáiste **amháin** agus míbhuntáiste **amháin** a bhaineann le táirgí adhmaid a ndearnadh lannú orthu a úsáid i dtógáil foirgneamh amhail an Mjøstårnet.




**Buntáiste: Láidir, marthanach, is féidir é a fháil i bhfoirm bileoga móra, srl.**

**Míbhuntáiste: Uaireanta ní bhíonn cuma nádúrtha orthu, seans go bhfuil comhdhúile ceimiceacha contúirteacha iontu, srl.**

*(10 Marc, 4+6)*

**5(b)** **(i)** Ainmnigh adhmad oiriúnach chun na painéil a thaispeántar a dhéanamh. Cosain do rogha.




**Péine, dair, téac, srl. Cúiseanna chun é a úsáid - Marthanach, cuma dheas air.**

**(ii)** Agus nótaí agus sceitsí anótáilte á n-úsáid agat, déan cur síos ar conas a d’fhéadfaí painéal **A** a cheangal den urlár coincréite **B**.

**Boltaí, scriúnna, bracanna, srl.**

**(iii)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** réamhchúram sábháilteachta ba chóir d’oibrithe a chomhlíonadh agus an painéal seachtrach a thaispeántar á shuiteáil acu.

**Úim shábháilteachta, spéaclaí sábháilteachta, bróga sábháilteachta, srl.**

*(20 Marc, 6+8+6)*

*Freagair 5(c)* ***nó*** *5(d)*

**5(c)** **(i)** Déan cur síos ar **dhá** airí atá ag alúmanam a fhágann gur ábhar úsáideach é chun buidéil ólacháin a dhéanamh.

**Éadrom, frithchreimneach, neamhbholaitheach, srl.**

**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar chúis **amháin** a ndéanfaí an dromchla seachtrach ar bhuidéal ólacháin a anóidiú.

**Is féidir aon dath a chur air, is féidir do rogha lógó / siombail, aeistéitic a chur leis, srl.** *(10 Marks, 6+4)*

**NÓ**

**5(d)** **(i)** Déan cur síos ar an rud is brí leis an téarma *ábhar cliste*.

**Is féidir airíonna ábhar cliste a athrú ar bhealach rialaithe trí spreagthaigh sheachtracha, m.sh., solas, teocht, leictreachas, srl.**

**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar úsáid **amháin** eile a d'fhéadfaí a bhaint as ábhar teirmeacrómach.

**Spúnóg le haghaidh bia leanaí, teirmiméadar don seomra, srl.** *(10 Marks, 6+4)*

2022. M103P(T)
2022. M104P(T)

**_Coimisiún na Scrúduithe Stáit_**

State Examinations Commission

*Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2022*

# *Teicneolaíocht*

## *Coimrí Obair Chúrsa*

*Gnáthleibhéal agus Ardleibhéal*

*200 marc*

*Tá na Coimrí Téamacha do Scrúdú na hArdteistiméireachta 2022 le fáil thall.*

***Ní mór an Obair Chúrsa a bheith ar fáil le haghaidh measúnú faoi Dé hAoine 8 Aibreán 2022.***

# Teicneolaíocht na hArdteistiméireachta

## Gnáthleibhéal agus Ardleibhéal 2022

## Treoracha d'iarrthóirí

1. Ní mór dhá chomhpháirt a bheith san obair chúrsa a chuirtear isteach le haghaidh measúnú:
   - fillteán dearaidh *agus*
   - déantúsán.

2. Más ar an nGnáthleibhéal a chuirtear isteach **ceachtar** den dá chomhpháirt le haghaidh measúnú (an scrúdú scríofa nó an obair chúrsa) is ar an nGnáthleibhéal a ghrádófar an t-ábhar.

3. Ní mór do scrúduimhir a bheith le feiceáil go soiléir ar an obair chúrsa go léir a chuirtear isteach le haghaidh measúnú.

4. **Do chuid oibre féin** a chaithfidh a bheith san obair chúrsa a chuirtear isteach le haghaidh measúnú agus ní mór í a chur i gcrích sa scoil faoi mhaoirseacht mhúinteoir an ranga.

5. Ní cóir d'obair chúrsa a thabhairt amach as an scoil **ar chúis ar bith** nó má thugtar d'fhéadfadh sé go n-áireofaí an obair chúrsa sin a bheith neamhbhailí.

6. Ba chóir go mbeadh taifead san fhillteán dearaidh ar gach céim de do chuid oibre agus ar conas a chomhlíonann an déantúsán an choimre théamach atá luaite.

7. Ní mór na foinsí taighde a úsáidtear, an tIdirlíon san áireamh, **a admháil**. Ní bhronnfar marc ar bith as ábhar taighde a chóipeáiltear go díreach ón Idirlíon nó ó fhoinsí ar bith eile agus a chuirtear i láthair mar do chuid oibre féin.

8. Ní mór go léireodh an obair chúrsa an t-eolas agus na scileanna a forbraíodh le linn do chuid staidéir ar an gcroíchúrsa agus ar na hábhair roghnacha a roghnaigh tú.

9. Ní mór na gnéithe tábhachtacha oibriúcháin uile den déantúsán a bheith le feiceáil go soiléir agus furasta le teacht orthu gan an déantúsán a bhaint as a chéile.

10. Aon áit a n-úsáidtear soláthar leictreachais chun an déantúsán a oibriú, ba chóir go mbeadh aschur íseal voltais aige. Aon áit a mbeidh gá le trealamh speisialaithe, ní mór duit féin é a shocrú suas, treoracha soiléire maidir lena oibriú a bheith leis, agus é a bheith réidh lena úsáid.

11. Ní mór an obair chúrsa a chuirtear isteach le haghaidh measúnú a chur ar taispeáint ar bhealach taitneamhach. Má dhéantar cur i láthair ilmheáin ní cóir go mairfeadh sé níos mó ná 3 nóiméad **ar a mhéid**, ba chóir don iarrthóir féin é a shocrú suas agus ní mór dó a bheith réidh le breathnú air.

**Ní mór an obair chúrsa a bheith ar fáil le haghaidh measúnú faoi Dé hAoine 8 Aibreán 2022.**

# An Ardteistiméireacht 2022 – Gnáthleibhéal

## Coimre Théamach

Is bealach iontach iad Glasbhealaí na hÉireann chun roinnt de na tírdhreacha is áille agus is lú milleadh a fheiceáil agus sult á bhaint ag daoine as a bheith amuigh faoin aer. Is éard is Glasbhealach ann ná cosán atá saor ó thrácht den chuid is mó, agus a dearadh lena úsáid ag coisithe, teaghlaigh lena mbugaithe, rothaithe, agus ag feithiclí eile gan mhótar.

Is iomaí cúinse nach foláir a chur san áireamh le linn Glasbhealach a dhearadh. Ar na cúinsí sin tá córais iontrála/imeachta, cláir taispeána eolais agus treonna, tosca a bhaineann le sábháilteacht na gconairí, agus córais rialaithe tráchta.

*Sa chomhthéacs sin, dear agus déan mionsamhail oibríoch d'fheiste nó d'áis teicneolaíochta a d'fhéadfaí a úsáid mar chuid den dearadh i gcomhair Glasbhealaigh. Ba chóir córas leictreonach agus/nó córas meicniúil a bheith ionchorpraithe i do mhionsamhail agus ba chóir go gcuirfí an mhionsamhail i láthair go slachtmhar.*

**Nóta:** Níor cheart an toise is mó ar an déantúsán a chuireann tú isteach le haghaidh measúnaithe a bheith níos mó ná 500 mm.
Má bhaineann tú úsáid as cur i láthair ilmheáin chun cur le maise do thaispeántais, ní mór cóip chrua agus comhad digiteach (méaróg USB) a chur isteach i d'fhillteán.

Tá an obair chúrsa ag an nGnáthleibhéal ualaithe mar seo a leanas:

- Fillteán Dearaidh - 40% de na marcanna
- Déantúsán - 60% de na marcanna

Iomlán - 200 marc

| Fillteán Dearaidh – Gnáthleibhéal – 80 marc | | | |
|---|---|---|---|
| ***Uimh.*** | ***Ceannteideal*** | ***Cur Síos*** | ***Marc*** |
| 1 | Anailís, taighde agus imscrúdú | Anailís ar an gcoimre théamach. Taighde ar an réimse roghnaithe. Anailís ar réitigh atá ann cheana féin. | 10 |
| 2 | Bainistíocht fhoriomlán an tionscadail | Anailís ar na hacmhainní atá ar fáil, ar na laincisí ama agus buiséid; an tréimhse ama atá beartaithe, etc. | 5 |
| 3 | Tionchar ar an imshaol | Tionchar na n-ábhar agus na bpróiseas táirgeachta; úsáid an táirge; oiriúnacht don athúsáid/athchúrsáil. | 5 |
| 4 | Smaointe dearaidh agus roghnú an réitigh is fearr | Sceitsí **saorláimhe** agus nótaí leo a rianaíonn trí cinn de na réitigh fhéideartha. An réiteach is fearr aitheanta agus cosaint leis sin. | 10 |
| 5 | Sceitsí agus líníochtaí don déantúsaíocht | Sceitsí agus líníochtaí mionsonraithe agus nótaí leo ar a n-áirítear gach cuid/gné den réiteach; léaráidí ciorcaid/ sreabhchairteacha/mionsamhlacha/fréamhshamhlacha/toisí/ scála/sonraí cóimeála. | 15 |
| 6 | Pleanáil na táirgeachta | Liostaí d'ábhair agus de pháirteanna; sceidealú, struchtúr na hanailíse oibre, costáil. | 10 |
| 7 | Cur i gcrích an táirge | Ord na déantúsaíochta ar a n-áirítear fianaise fhótagrafach. | 15 |
| 8 | Measúnú agus tástáil | Tástáil in aghaidh na coimre roghnaithe. Measúnú an déantúsáin deiridh. Comparáid idir na sceidil a pleanáladh agus na sceidil oibre féin. Mionathruithe a mholtar agus cosaint leis sin. | 5 |
| 9 | Cur i láthair agus TFC | An cur i láthair san ord ceart. Caighdeán an ábhair a chuirtear i láthair. Scileanna TFC i dtáirgeadh an fhillteáin. | 5 |

| Déantúsán - Gnáthleibhéal - 120 marc | | | |
|---|---|---|---|
| ***Uimh.*** | ***Ceannteideal*** | ***Cur síos*** | ***Marc*** |
| 1 | An déantúsán ag teacht leis an téama & leis na sonraíochtaí | Comhlíonann an réiteach a chuirtear i láthair an choimre théamach agus na sonraíochtaí. | 15 |
| 2 | Cruthaitheacht | Cruthaitheacht sa dearadh, san aeistéitic agus san eirgeanamaíocht. Úsáid chruthaitheach chuí bainte as na hábhair. | 15 |
| 3 | Scileanna táirgeachta | Próiseáil na n-ábhar. Cóimeáil na n-ábhar agus na gcomhpháirteanna. Raon agus doimhneacht na scileanna. | 30 |
| 4 | Feidhmiúlacht | Oibríonn an déantúsán go maith. Úsáid oiriúnach/theoranta bainte as páirteanna/réitigh tráchtála. | 30 |
| 5 | Caighdeán agus bailchríoch | Déantúsaíocht d'ardchaighdeán. An déantúsán críochnaithe go maith. An aird chuí tugtha ar chúrsaí sláinte agus sábháilteachta. | 20 |
| 6 | Cur i láthair | An obair chúrsa curtha i láthair go maith. Na páirteanna comhtháite go maith agus lipéadaithe mar ar cuí. | 10 |

**Nóta:** ***Cé go bhfanfaidh na ceannteidil agus na marcanna ginearálta thuas mórán mar an gcéanna ó bhliain go bliain, d'fhéadfaí iad a bhriseadh anuas ar bhealaí éagsúla, ag brath ar an gcoimre a bheadh ann.***